Táillí Ollscoile

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi léirsithe i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh. Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

controversial: _____

fee (s): _____

budget: _____

in favour: _____

union (s): _____

urgent: _____

Students' Union: _____

loan (s): _____

debt: _____

campaign: _____

subscription: _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. Cén fáth a luaitear iad seo sa tuairisc?

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Aontas na Mac Léinn
Na Ceardchumainn
Batt O'Keefe

Ceist 4 '*ó dheas*' (an deisceart)

Féach ar an sampla seo:

Tá mé ***ag dul ó dheas*** ag an deireadh seachtaine. Beidh mé ag fanacht ***sa deisceart*** ar feadh coicíse agus beidh mé ***ag teacht aneas*** ar an traein ar an Domhnach.

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh abairtí ar nós na habairte thuas a chumadh ach ag úsáid na n-ainmfhocal thíos:

an tuaisceart
an t-iarthar
an t-oirthear

Ceist 5 **“**i m*bun* agóide.”

Tá a lán nathanna cainte sa Ghaeilge leis an fhocal ‘bun’ iontu. Cuir na nathanna thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ar bun
- bun ná barr
- bunoscionn
- bun na spéire
- suí i mbun duine

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar cheart oideachas tríú leibhéal a bheith saor do chách nó ar cheart go mbraithfeadh na táillí ar ioncam na dtuismitheoirí?

Cad a cheapann tú faoi urraíocht a fháil ó chomhlachtaí móra chun íoc as costais tríú leibhéal?

Ar cheart gearradh siar a chur i bhfeidhm ar chúrsaí oideachais agus sláinte sa bhuiséad, fiú sa chúlú eacnamaíochta?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2

controversial:	**conspóideach**
fee(s):	**táill(í)**
budget:	**buiséad**
in favour:	**i bhfabhar**
union (s):	**ceardchumann/ceardchumainn**
urgent:	**práinneach**
Students' Union:	**Aontas na Mac Léinn**
loan (s):	**iasacht(aí)**
debt:	**fiacha**
campaign:	**feachtas**
subscription:	**síntiús**

Ceist 3
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Vótáil trí mhíle mac léinn i UCC i bhfabhar lá gnímh a chur ar siúl chun tacú leis an agóid a bhí beartaithe ag na ceardchumainn go náisiúnta.
Aontas na Mac Léinn
Tá Aontas na Mac Léinn i mbun léirsithe faoi láthair mar tá eagla ar mhic léinn go mbeidh an rialtas ag iarraidh táillí tríú leibhéal a thabhairt isteach arís sa bhuiséad.
Na Ceardchumainn
Vótáil trí mhíle mac léinn i UCC i bhfabhar lá gnímh a chur ar siúl chun tacú leis an agóid a bhí beartaithe ag na ceardchumainn go náisiúnta. Nuair a cuireadh agóid na gceardchumann ar ceal, chreid Aontas na Mac Léinn anseo go raibh cás róphráinneach acu chun fanacht ina dtost.
Batt O'Keefe
Deir sé gurb é an rud atá á scrúdú aige faoi láthair ná ceist síntiúis na mac léinn a thabhairt ar ais. Dúirt urlabhraí an Aire inniu go mbeidh tuairisc ar an ábhar seo á cur faoi bhráid an rialtais aige go gairid agus go mbeidh moladh á dhéanamh aige a bheidh bunaithe ar an gcothromas.

Ceist 4
An tuaisceart:
Tá mé *ag dul* ***ó thuaidh*** ag an deireadh seachtaine. Beidh mé ag fanacht *sa* ***tuaisceart*** ar feadh coicíse agus beidh mé *ag teacht* ***aduaidh*** ar an traein ar an Domhnach.
An t-iarthar
Tá mé *ag dul* ***siar*** ag an deireadh seachtaine. Beidh mé ag fanacht ***san iarthar*** ar feadh coicíse agus beidh mé *ag teacht* ***aniar*** ar an traein ar an Domhnach.
An t-oirthear
Tá mé *ag dul* ***soir*** ag an deireadh seachtaine. Beidh mé ag fanacht ***san oirthear*** ar feadh coicíse agus beidh mé *ag teacht* ***anoir*** ar an traein ar an Domhnach.

Ceist 5
ar bun – in progress
bun ná barr/níl bun nó barr air - meaningless/pointless
bunoscionn – upside down
bun na spéire – horizon
suí i mbun duine – to take advantage of someone

Ceist 6
Lig dóibh na ceisteanna a phlé i ngrúpaí nó le chéile.

Éimear Ní Chonaola
Ó dheas anois, agus bhí mic léinn i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh i mbun agóide inniu faoi cheist chonspóideach na dtáillí ollscoile. Tá siad buartha, a deir siad, go bhfógrófar arduithe móra ar chostais oideachais tríú leibhéal sa mbuiséad an tseachtain seo chugainn. Tá tuairisc ag Grett O'Connor.

Grett O'Connor
Vótáil trí mhíle mac léinn i UCC i bhfabhar lá gnímh a chur ar siúl chun tacú leis an agóid a bhí beartaithe ag na ceardchumainn go náisiúnta. Nuair a cuireadh agóid na gceardchumann ar ceal, chreid Aontas na Mac Léinn anseo go raibh cás róphráinneach acu chun fanacht ina dtost. Bhí an teachtaireacht seo acu don Aire O'Keefe:

Ciara Nic Liam, Aontas na Mac Léinn
Nach bhfuil mic léinn in Éirinn fiú nó san ollscoil seo sásta íoc as táillí móra le freastal ar na hollscoileanna nó institiúidí timpeall na tíre*. Níl an t-airgead** againn. Tá post á lorg againn, sin an rud. Tá muid sásta leanúint ar aghaidh leis seo roimh an seachtú d'Aibreán nó ina dhiaidh, más fiú, más gá. Nílimid chun stopadh go dtí go réitíonn sibh an fhadhb*** seo.

Gearóid Ó Loibhéad
Má thógtar isteach na táillí beidh orm iasacht a thógáil amach ón mbanc agus d'fhéadfainn críochnú suas sa gcoláiste le fiacha de 30 nó de 40 míle euro agus leis an tslí**** is atá an tír faoi láthair tá seans an-mhór ann nach bhfaighinn jab agus cuireann sé sin an-imní orm.

Grett O'Connor
Seachtain ó amárach a bheidh an buiséad á fhógairt agus deir na mic léinn seo go dtreiseoidh siad a bhfeachtas go mór má bhíonn táillí ollscoile i gceist ann. Ní úsáideann an tAire Oideachais, Batt O'Keefe an téarma 'táillí tríú leibhéal'. Deir sé gurb é an rud atá á scrúdú aige faoi láthair ná ceist síntiúis na mac léinn a thabhairt ar ais. Dúirt urlabhraí an Aire inniu go mbeidh tuairisc ar an ábhar seo á cur***** faoi bhráid an rialtais aige go gairid agus go mbeidh moladh á dhéanamh aige a bheidh bunaithe ar an gcothromas. Grett O'Connor, Nuacht TG4, ag Coláiste na hOllscoile i gCorcaigh.

**an tír* a deirtear
** *an airgead* a deirtear
***an fadhb* a deirtear
****an slí* a deirtear
*****á chur* a deirtear